

sholáthraíonn siad. Murach seo, ní féidir le hAturnaetha ach costais as póca a fháil ar ais, ach amháin má cheadaítear a mhalairt ag an Chúirt. Costais dhlíthiúla is ea iad na costais dhlí a bhaineann le Cumhachtaí Seasmhacha Aturnae (nó 'EPA') a chlárú, nó costais as aon obair dhlíthiúil a dhéantar ar do shon, ar féidir le d'Aturnae a fháil ar ais ó do chuid sócmhainní.

### **AN FÉIDIR LIOM M'INTINN A ATHRÚ AGUS EPA A CHÚLGHAIRM?**

Is féidir. Thig leat EPA a chúlghairm agus tú beo-intinneach agus gan aon úsáid a bheith bainte cheana as d'EPA. Ba chóir duit fógra do chúlghairme a thabhairt do d'Aturnae. Agus EPA cláraithe, ní féidir ach leis an Ardchúirt é a chúlghairm.

### **MÁ ÉIRÍONN LIOM MO CHUID INNIÚLACHTA A THÉARNAMH, CÉ A BHEIDH I gCEANNAS AR MO CHUID GNÓTHAÍ?**

Tá nós áirithe imeachta i bhfeidhm chun an EPA a dhíchlarú, rud a thabharfaidh cumhacht ar ais duit féin. Is féidir le do dhlíodóir tú a threorú maidir leis an phróiseas seo.

### **AN BHFUIL SÉ COSTASACH EPA A DHÉANAMH?**

Níl. Ní chosnaíonn na costais dhlí an oiread sin mar nach mbíonn an páipéarachas ródheacair agus na cinntí tábhachtacha déanta le cúnamh gairmiúil. Bheadh sé i bhfad ní ba chostasáí GAN EPA a bheith agat sa droch-chás go gcailleann tú do chuid inniúlachta. Iarr ar do dhlíodóir meastachán a dhéanamh ar an mhéid a chosnóidh sé leis an pháipéarachas a chur le chéile.

*Is í is aidhm leis an bhileog seo ná forléargas a thabhairt ar na ceisteanna sin ar chóir cioradh a dhéanamh orthu i dtaca le Cumhachtaí Seasmhacha Aturnae. Níl istigh ann ach treoracha ginearálta agus moltar go mór duit do chúinsí pearsanta féin a phlé le do dhlíodóir a thabharfaidh treoir duit maidir leis na cinntí agus na roghanna atá le déanamh.*

THE **LAW SOCIETY**  
OF NORTHERN IRELAND



## Enduring Powers of Attorney (Irish)



Tá an bhileog seo á heisiú ag Dlí-Chumann Thuaisceart Éireann.

Níl inti ach eolas ginearálta. Má bhíonn ceist áirithe agat ar mhaith leat a phlé, moltar duit dul i dteagmháil le do dhlíodóir féin leis an chomhairle chuí dlí a fháil. Ní ghlacfaidh Dlí-Chumann Thuaisceart Éireann le haon dliteanas ar bith as aon chinneadh a dhéanann duine chun rud a dhéanamh nó gan a dhéanamh, agus iad ag brath ar atá nó nach bhfuil sa bhileog seo.

Dlí-Chumann Thuaisceart Éireann  
Teach an Dlí-Chumainn  
96 Sráid Victoria  
BÉAL FEIRSTE BT1 3GN  
Guthán: 028 9023 1614  
[www.lawsoc-ni.org](http://www.lawsoc-ni.org)


Produced in association with



**Queen's University**  
Belfast

The Law Society wishes to thank Órla McGrory from Queen's University Belfast who translated this leaflet.

# Cumhachtaí Seasmhacha Aturnae



THE **LAW SOCIETY**  
OF NORTHERN IRELAND



Glacann muid ar fad leis go mbeidh sé ar ár gcumas againn ár gcuid réadmhaoine agus ár gcúrsaí airgeadais a bhainistiú le linn ár saoil. Brathann sé seo, áfach, ar an inniúlacht meabhrach a bheith againn lenár gcuid idirbheart agus na himpleachtaí a bhíonn acu siúd a thuiscint. Ar an dóigh chéanna, glacann muid leis go mbeidh muid corpacmhainneach go leor le dul chuig an bhanc, mar shampla.

Seans go gcaillfear na cumais seo gan choinne, trí thaisme, trí ghortú, nó trí thinneas ar nós néaltraithe, mar sin, is ábhar faoisimh é fios a bheith agat go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ar féidir leo cuidiú leat sa todhchaí. Is féidir leat a bheith chun tosaigh ar na féidearthachtaí seo tríd an réamhchúram ciallmhar a dhéanamh agus Cumhacht Sheasmhach Aturnae (EPA) a dhéanamh agus tú go fóill beo-intinneach.

### **CAD IS EPA ANN?**

Is éard atá in EPA- nó Cumhacht Sheasmhach Aturnae- ná Gníomhas ina dtugann duine amháin (“an Deontóir”) údarás do dhuine eile (“an t-Aturnae”) chun gníomhú ar a s(h)on i dtaca le cúrsaí iomlána nó áirithe réadmhaoine agus airgeadais. Leanfaidh an t-údarás tarmiligthe seo sa chás go gcailleann an Deontóir a (h)inniúlacht meabhrach.

### **AN GCAILLFIDH MÉ CUMHACHT I NDAIDH SHÍNIÚ AN EPA DOM?**

Tá an fhéidearthacht ann go mbeidh tú ag roinnt cumhachta le d’Aturnae. Thig leat a mhaíomh nach dtiocfaidh an EPA i bhfeidhm ach amháin sa chás nach mbíonn inniúlacht meabhrach agat. Is fearr le roinnt daoine an coinníoll seo a dhéanamh. Socraíonn daoine eile gan é sin a dhéanamh, óir gur mhaith leo go mbeidh an EPA s’acu i bhfeidhm má bhíonn siad ar éagumas coirp agus gan a bheith ábalta smacht a bheith acu ar a gcuid baincúireachta srl, fiú agus inniúlacht meabhrach acu. Rogha thar a bheith tábhachtach is ea é seo ar chóir a phlé go mion le do dhlíodóir.

### **AN DÍREACH NÓTA MO THOLA É SEO?**

Ní hea. Is gá foirm ar leith a úsáid le d’Aturnae a ainmniú, agus é a bheith sínithe ag an Deontóir agus ag an Aturnae araon agus iad i láthair finnétithe.

### **AN MBEIDH EPA DE DHÍTH ORM MÁ BHÍONN UACHT AGAM?**

Beidh. Ní bhíonn d’uacht ábhartha ach i ndiaidh do bháis. Baineann Cumhacht Sheasmhach Aturnae le bainistíocht do réadmhaoine agus do chuid airgid agus tú beo, ach tinn.

### **MURA BHFUIL INFHEISTÍOCHTAÍ NÓ RÉADMHAOIN AGAM, AN FIÚ EPA A FHÁIL?**

Is fiú, óir beidh ar dhuine eile do phinsean nó do chuid sochar a láimhseáil nuair nach bhfuil tú féin ábalta amhlaidh a dhéanamh. Beidh sé seo níos fusa agus EPA i bhfeidhm agat.

### **CAD A THARLAÍONN SA CHÁS GO BHFUIL MO CHUID SÓCMHAINNÍ FAOI CHOMHÚINÉIREACHT?**

Má tharlaíonn sé go gcaithfear teach atá faoi chomhúinéireacht a dhíol, ní féidir ach le duine a bhfuil an t-údarás cuí aige/aici (Aturnae, mar shampla) síniú ar do shon. Ní féidir le duine amháin de na comhúinéirí gníomhais a shíniú do na comhúinéirí ar fad. Is minic a chuirtear calcadh ar chomhchuntais bhainc má éiríonn lucht an bhainc buartha nach bhfuil duine de na sealbhóirí cuntais cumasach a thuilleadh, agus nach bhfuil EPA i bhfeidhm. Is féidir leis seo deacrachtaí shreabhach airgid a chruthú do na sealbhóirí cuntais ar fad.

### **AN FÉIDIR NÍOS MÓ NÁ ATURNAE AMHÁIN A BHEITH AGAM?**

Is féidir. Is minic a bhíonn sé ciallmhar níos mó ná Aturnae amháin a bheith agat. Má shocraíonn tú chun é seo a dhéanamh, beidh ort cinneadh a dhéanamh cé acu an féidir leo a bheith ag obair go neamhspleách nó an gá dóibh a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht lena chéile i gcónaí. Ní bhíonn an rogha seo i gcónaí simplí, agus beidh impleachtaí tábhachtacha ag baint leis. Beidh do dhlíodóir ábalta treoir a thabhairt duit ar an ábhar seo.

### **CÉ AR CHÓIR DOM A CHEAPADH MAR ATURNAE AGAM?**

Duine a bhfuil muinín iomlán agat as/aisti, bíodh sé sin ball teaghlach agat, cara leat, nó comhairleoir gairmiúil. Tugann EPA smacht iomlán do d’Aturnae ar do réadmhaoine agus ar do chuid airgeadais (ach amháin má bhíonn sé srianta) agus caithfidh muinín a bheith agat go mbeidh d’Aturnae ag feidhmiú chun do leasa féin. Bí cinnte agus aon

rud atá de rún agat a phlé le haon Aturnae a bheas á cheapadh agat, óir beidh ar an Aturnae sin glacadh leis an cheapachán agus an fhoirm EPA a shíniú i do dhiaidh.

### **CÉN CHUMHACHT ATÁ AG AN ATURNAE?**

Ag brath ar théarmaí an EPA áirithe, beidh údarás ag an Aturnae áit an Deontóra a ghlacadh agus na cinntí ar fad a bhaineann le réadmhaoine, le hioncam, agus le hairgeadais an Deontóra a dhéanamh, taobh amuigh de chúpla eisceacht. Ní féidir le hAturnae uacht a dhéanamh ar son an Deontóra, mionnscríbhinn a shíniú, nó aon ní a dhéanamh a bhí an t-údarás ag an Deontóir a dhéanamh mar gheall ar cheapadh pearsanta, ar scil phearsanta, nó ar threorú reachtúil.

### **AN FÉIDIR LE M’ATURNAE CINNTÍ LEIGHIS A DHÉANAMH AR MO SHON?**

Ní féidir. Níl aon chumacht ag d’Aturnae cinntí a dhéanamh ar do shon a bhfuil baint acu le leigheas nó le leas pearsanta.

### **CAD IAD NA FREAGRACHTAÍ ATÁ AR M’ATURNAE?**

Ní mór do d’Aturnae a bheith ag obair chun do leasa féin i gcónaí. Caithfear d’Aturnae iarratas a chur isteach leis an EPA a chlárú leis an Ard-Chúirt, tríd an Oifig Cúraim agus Cosanta, mura bhfuil nó mura mbeidh an inniúlacht meabhrach agat smacht a choinneáil ar do ghnóthaí airgeadais. Le linn phróiseas an chlárúcháin, beidh an t-údarás a bhronntar ar d’Aturnae “ar feitheamh” go dtí go gcuirtear críoch leis an phróiseas agus go n-eisítear bunchóip an Gníomhais agus stampa clárúcháin na cúirte air.

### **AN MBEIDH A FHIOS AGAM MÁ AMHLAIDH GUR CHUIR M’ATURNAE ISTEACH LE M’EPA A CHLÁRÚ?**

Ní mór do d’Aturnae fógra foirmiúil a thabhairt duit más amhlaidh go bhfuil rudaí á ndéanamh le d’EPA a chlárú. Ar a bharr seo, mar chosaint bhreise, ní mór do d’Aturnae fógra a thabhairt do roinnt de do neasghaolta. Is féidir leatsa, nó le baill theaghlach agat, agóid a chur isteach chuig an Oifig Cúraim agus Cosanta, má shíltear go bhfuil an clárúcháin míchuí.

### **AN N-ÍOCTAR M’ATURNAE AS OBAIR A DHÉANTAR?**

Gnánthchleachtadh atá ann go n-íoctar Aturnae gairmiúil, cosúil le dlíodóir nó cuntasóir, as aon seirbhís ghairmiúil a